# Tuarascáil ar an gcomhairliúcháin ar dhréachtsonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Lúnasa 2025

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ..... 2

RÉAMHRÁ ..... 2

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 3

Cur chuige i leith an chomhairliúcháin ..... 3

Freagraí ar an gcomhairliúchán ..... 4

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ..... 5

Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht ..... 5
Réasúnaíocht agus Aidhmeanna ..... 5
Léargas Ginearálta ar an gCúrsa agus Snáitheanna Staidéir ..... 6
Príomhinniúlachtaí ..... 7

Comhleanúnachas agus soiléireacht chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim ..... 7
Snáithe a hAon – Bunrudaí na Cuntasaíochta ..... 7
Snáithe a Dó - Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú ..... 8
Snáithe a Trí - Ráitis Airgeadais Cuideachta a Ullmhú agus a Anailísiú ..... 8
Snáithe a Ceathair - Cinnteoireacht Eolasach ..... 9
Foghlaim a shonrú ag baint úsáid as an gcur chuige dhá cholún ..... 10

Inbhainistitheacht ..... 10

An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise ..... 11

Tacaíochtaí don Chur i bhFeidhm ..... 11

Réimsí aiseolais eile ..... 12

CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL ..... 13

Údair Mhachnaimh ..... 13

Tátal ..... 13

TAGAIRTÍ ..... 15

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE ..... 16

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2026. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta i dTráinse 2.

Cuireadh dréachtsonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta idir an 25 Feabhra agus an 25 Aibreán 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin réimse leathan dearcthaí a fháil ón bpobal agus ó réimse leathan páirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. Tacaíonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán leis an meitheal forbartha an tsonraíocht a thabhairt i gcrích.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht agus Aidhmeanna
- Príomhinniúlachtaí
- Struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama, lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil fáilte roimh an tsonraíocht ar an iomlán. Dearbhaíodh réasúnaíocht agus aidhm luaite an ábhair, agus d'fháiltigh na rannpháirtithe roimh an bhfócas ar scileanna cuntasaíochta digiteacha, cúrsaí eitice agus an inbhuanaitheacht. Tacaíodh go láidir leis an gcur chuige i leith an leabharchoimeádta iontrála dúbailte, agus luaigh rannpháirtithe go gcuirfidh sé ar chumas na scoláirí an t-ábhar a thosú *ab initio* agus an bhearna idir Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta a dhúnadh. Bhíothas an-sásta freisin maidir le hinbhainistitheacht na sonraíochta laistigh den achar ama 180 uair an chloig. Cuireadh fáilte mhór freisin roimh na tairbhí a d'fhéadfaí a bhaint as Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB); ach léirigh na rannpháirtithe réimse ábhar imní maidir le huainiú agus rochtain ar acmhainní riachtanacha. Ba mhór ag na rannpháirtithe an tsoiléireacht a tugadh sa teimpléad nua d'fhorbairt ábhair agus mhodúil na Sraithe Sinsearaí ar an iomlán.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige i leith an chomhairliúcháin

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith an phróisis comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí
- Cuairteanna scoile le fócasghrúpaí a rinneadh i dtrasghearradh scoileanna chun léargas a fháil ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó cheannairí scoile.

Roghnaigh na rannpháirtithe féin an suirbhé ar líne a fhreagairt, aighneacht scríofa a dhéanamh agus freastal ar an gcomhairliúchán poiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh trasghearradh scoileanna as measc an fiche scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairtí ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí agus múinteoirí Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh príobháideachas rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). I gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na Seirbhíse Poiblí (2021), déanfar sonraí ón gcomhairliúchán seo a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile agus cuirfear iad ar fáil in éineacht leis an tuarascáil ar an suíomh gréasáin www.ncca.ie.

Cuireadh an suirbhé ar líne ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus bhí gach rannpháirtí in ann a rogha teanga a phiocadh agus scaipeadh é ar MS Forms ar shuíomh gréasáin ncca.ie. Bhí an suirbhé dírithe ar na príomhréimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas sa réamhrá.

Dhírigh an t-imeacht comhairliúcháin phoiblí agus na cuairteanna scoile ar na réimsí fócais céanna a clúdaíodh sa suirbhé ar líne agus tugadh deiseanna chun na réimsí sin a fhiosrú agus a iniúchadh a thuilleadh le linn an chomhrá. Leis na fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhíothas in ann léargas níos

doimhne a fháil ar an dréachtsonraíocht ó scoláirí agus múinteoirí agus léargas a fháil ar dhearcthaí ceannairí scoile.

Bhí na haighneachtaí scríofa faoi stiúir na réimsí fócais céanna a bhí sa suirbhé ar líne, sna cuairteanna scoile agus fócasghrúpaí, agus leo sin bhíothas in ann réimsí spéise ar leith a bhaineann le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a fhiosrú.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, Ardoideachas/Breisoideachas, mac léinn MGO, cleachtóir gnó | 32 |
| Imeacht Comhairliúcháin Phoiblí | Múinteoirí, oideoirí tríú leibhéal, comhlacht gairmiúil agus ionadaí ón bpobal gnó | 24 |
| Fócasghrúpaí Scoláirí | Scoláirí sa chúigiú agus sa séú bliain atá ag déanamh staidéar ar shiollabas reatha Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta | 50 |
| Fócasghrúpaí Ceannairí Scoile | Príomhoidí agus leas-phríomhoidí i scoileanna a chuireann Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil faoi láthair | 22 |
| Fócasghrúpaí Múinteoirí | Múinteoirí atá ag teagasc shiollabas Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta faoi láthair | 11 |
| Aighneachtaí Scríofa | Líonraí Gairmiúla Múinteoirí, Comhlachtaí Gairmiúla, Eagraíochtaí Rialtais, Daoine Aonair | 8 |

*Tábla 1 Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

# Cuid 2: Aiseolas ón gComhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán ar inbhainistitheacht, soiléireacht agus comhleanúnachas, réasúnaíocht, aidhmeanna, príomhinniúlachtaí, na téamaí trasghearrtha, an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis agus tacaíocht a theastaíonn chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Tá na torthaí ón gcomhairliúchán grúpáilte faoi na téamaí seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht
- Comhleanúnachas agus soiléireacht chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim
- Inbhainistitheacht
- An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Tacaíochtaí atá ag teastáil le go mbeidh cur i bhfeidhm rathúil ann.

Úsáidtear an fhaisnéis, a bailíodh ó na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh i rith an chomhairliúcháin, sa tráchtaireacht ar gach téama sa chuid seo. Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear réimsí eile i láthair freisin, réimsí nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

## Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht

### Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Measadh gur tugadh breac-chuntas soiléir sa réasúnaíocht ar chuspóir agus luach Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, agus gur leagadh béim ar an gcaoi a gcuireann sé le forbairt iomlánaíoch na scoláirí. Measadh gur tharraing sé aird go héifeachtach ar ról na cuntasaíochta sa chumarsáid airgeadais, sa chinnteoireacht eiticiúil agus san inbhuanaitheacht. Bhí an-ghlacadh leis an bhfócas ar litearthacht airgeadais na scoláirí a fheabhsú, agus luadh go gcuireann an t-ábhar le forbairt iomlánaíoch na scoláirí agus go ligeann sé dóibh a bheith ina gcinnteoirí airgeadais muiníneacha. Bhí na freagróirí sásta gur cuireadh an cánachas pearsanta san áireamh toisc go ligeann sé do na scoláirí eolas agus scileanna a fhorbairt, cinn a bheidh ábhartha ina saol pearsanta faoi láthair agus amach anseo.

Mar sin féin, rinneadh moltaí chun an friotal a leasú chun é a dhéanamh níos oiriúnaí do na scoláirí agus níos gonta. Bhí imní ar roinnt rannpháirtithe maidir leis an mbéim ar ghairm na cuntasaíochta agus rialachán airgeadais, agus luaigh siad nach mbíonn sé i gceist i gcónaí ag roinnt mhaith scoláirí a roghnaíonn Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta tabhairt faoi ghairm mar chuntasóir agus go bhféadfadh rialachán airgeadais a bheith lasmuigh de raon scoláire den tsraith shinsearach.

Measadh gur léirigh na haidhmeanna, tríd is tríd, an fhoghlaim fhéideartha do scoláirí agus iad ag déanamh staidéar ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus gur léirigh siad na téamaí is tábhachtaí sa tsonraíocht agus i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar bhonn níos ginearálta. Luadh go gcosnaíonn an aidhm áit an ábhair i gcuraclam na sraithe sinsearaí toisc go dtaispeántar a infheidhmeacht sa saol réadúil, chomh maith lena ábhartha atá sé i dtaobh saincheisteanna

comhaimseartha. Measadh gur tharraing sé aird go héifeachtach ar ról na Cuntasaíochta sa chumarsáid airgeadais, agus tábhacht na cinnteoireachta eiticiúla agus na hinbhuanaitheachta.

## Léargas Ginearálta ar an gCúrsa agus Snáitheanna Staidéir

Léiríodh an-tacaíocht d'idirnascacht na snáitheanna, agus luaigh roinnt mhaith daoine go léiríonn an léaráid den léargas ginearálta ar an gcúrsa na naisc sin go héifeachtach. Measadh ar an iomlán go raibh struchtúr na sonraíochta soiléir agus so-úsáidte, ach mheas roinnt freagróirí go raibh sé sách líneach. Thabharfadh sé sin le fios gur ghá an léargas ginearálta a fheabhsú agus aird a tharraingt air sin mar réimse béime san fhorbairt ghairmiúil.  Níor dearadh an tsonraíocht ar bhealach líneach agus tá sé i gceist go gcomhtháthófaí na bunrudaí thar an dá bhliain staidéir.

Bhí an-ghlacadh leis an téama trasghearrtha An Eitic agus an Inbhuanaitheacht. Iarradh treoraíocht níos soiléire sna torthaí foghlama maidir leis an gcaoi agus an uair ar cheart aghaidh a thabhairt ar an inneachar sin. Luadh freisin gur cheart féachaint sa toradh foghlama ar na hiarmhairtí a bhíonn ann nuair nach ndéantar beart ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe.

Cé gur fáiltíodh roimh an téama trasghearrtha An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht, bhíothas beagán in amhras faoi freisin. Luadh gur chabhraigh an téama sin chun cuntasaíocht na sraithe sinsearaí a thabhairt cothrom le dáta i dtaobh cúrsaí i saol na cuntasaíochta. Bhíothas sásta go bhféachfadh na scoláirí ar an gcaoi a bhfuil an chuntasaíocht athraithe ó bhonn ag an teicneolaíocht. Ceistíodh éagmais na hintleachta saorga, go háirithe sna fócasghrúpaí scoláirí. Léirigh na freagróirí imní maidir le fáil na forbartha gairmiúla leanúnaí agus acmhainní scoile i ndáil leis sin, agus fiosraítear sin tuilleadh faoin gcuid maidir le tacaíocht don chur i bhfeidhm.

Rinneadh neart plé maidir le húsáid an téarma *feidhmchlár bogearraí sonraí.* Leag na rannpháirtithe béim ar an ngá leis sin a shoiléiriú do na múinteoirí sula dtabharfaí an tsonraíocht isteach. Measadh go raibh sé sin riachtanach chun tacú le foghlaim ghairmiúil éifeachtach agus ullmhú/pleanáil don teagasc, foghlaim agus measúnú. Cuireadh fáilte roimh an tsoiléireacht a chuirtear ar fáil leis an liosta feidhmeanna i ngach toradh foghlama maidir le scileanna digiteacha.

Leagadh an-bhéim sa chomhairliúchán ar a chinntiú go bhfuil an feidhmchlár bogearraí a mholtar oiriúnach d’aois agus do chéim na scoláirí. B’fhearr i bhfad, dar leis na freagróirí, úsáid a bhaint as scarbhileoga, toisc go meastar iad a bheith níos inrochtana, níos solúbtha agus níos ábhartha don fhoghlaim amach anseo agus do chomhthéacsanna fostaíochta. Ní raibh ach líon an-bheag freagróirí ar son pacáiste bogearraí cuntasaíochta tiomnaithe. Nocht roinnt mhaith scoláirí gurbh fhearr leo scarbhileoga toisc go dtugann siad deis dóibh scileanna digiteacha inaistrithe a fháil a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna eile, go háirithe mura leanfaidís leis an gcuntasaíocht ar an tríú leibhéal. Luaigh múinteoirí agus freagróirí eile, amhail léachtóirí ar an tríú leibhéal, go bhféadfadh na scileanna a d’fhorbrófaí le húsáid pacáistí cuntasaíochta dílsithe a bheith saincheaptha agus teoranta ó thaobh luacha de lasmuigh d’áiteanna oibre sonracha a úsáideann an córas céanna agus, dá bhrí, ba é feidhmchlár scarbhileoige an phríomhrogha. Nochtadh roinnt imní freisin maidir leis an gcaoi a bhféadfadh pacáiste bogearraí forbairt scileanna a laghdú, toisc go ndíreofaí ar iontráil sonraí den chuid is mó. Leis na fócasghrúpaí múinteoirí agus an comhairliúchán poiblí, bhíothas in ann an tsaincheist sin a fhiosrú tuilleadh agus ba léir nach raibh ach tacaíocht an-teoranta ann d’úsáid pacáistí bogearraí cuntasaíochta, agus bhain na húdair imní sin le easpa rochtana na scoláirí ar na huirlisí sin lasmuigh den seomra ranga, agus an chaoi nach mbeadh na scileanna sin a shealbhófaí inaistrithe.

Ba léir an t-amhras sna freagraí ar an suirbhé ar líne maidir le tabhairt isteach an toraidh foghlama "*Mo Scileanna Digiteacha a Thaispeáint*". Cé gur aithníodh an tábhacht a bhaineann le hinniúlacht dhigiteach a fhorbairt, leag na freagróirí béim arís eile ar an ngá le hinfheistíocht shuntasach i mbonneagar scoile agus acmhainní chun cur i bhfeidhm éifeachtach a chumasú.

### Príomhinniúlachtaí

Cuireadh an-fháilte roimh na príomhinniúlachtaí, agus shíl formhór na bhfreagróirí go bhfuil na hinniúlachtaí arna sonrú oiriúnach don fhorbairt i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta. Bhí an-ghlacadh leis an mbéim ar an uimhearthacht agus litearthacht airgeadais go sonrach, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais, 2025–2029 (An Roinn Airgeadais, 2025) a foilsíodh le déanaí. Ba mhór ag freagróirí an fócas ar réiteach fadhbanna agus cumarsáid mar ghnéithe lárnacha den chleachtas cuntasaíochta.

## Comhleanúnachas agus soiléireacht chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim

Rinneadh iniúchadh ar dhearcthaí maidir le soiléireacht agus comhleanúnachas sa tsonraíocht i rith an chomhairliúcháin trí dhíriú ar na snáitheanna agus na torthaí foghlama. Déantar iniúchadh ar achoimre ar an aiseolas ar na snáitheanna agus na torthaí foghlama thíos, sula dtabharfar an cháipéis chun críche le húdair mhachnaimh níos leithne ar shoiléireacht ar fud na sonraíochta agus ar an leagan amach a úsáidtear sa teimpléad sonraíochta.

### Snáithe a hAon – Bunrudaí na Cuntasaíochta

Cuireadh fáilte roimh an mbéim ar an leabharchoimeád iontrála dúbailte sa snáithe seo, toisc go dtacaíonn sé leis an aistriú ó Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus go gcuireann sé ar chumas na scoláirí an t-ábhar a thosú *ab initio*.

Mar sin féin, cuireadh roinnt ceisteanna maidir leis an sainmhíniú ar "córas na hiontrála dúbailte" agus iarradh tuilleadh eolais maidir leis an réimse sin. Dúradh go raibh sé doiléir an gá do na scoláirí foghlaim faoi T-chuntais, Iontrálacha sa leabhar cúnta nó Ráitis Tháblacha agus bheadh tuilleadh soiléireachta ag teastáil ina leith sin. Nochtadh imní maidir leis an méid inneachar teoiriciúil sa snáithe freisin. Iarradh tuilleadh soiléireachta maidir le ról na mbogearraí in ullmhú cuntas. Luadh freisin gur fágadh an Intleacht Shaorga ar lár ón toradh foghlama dar teideal *Ról na Teicneolaíochta*.

Mhol roinnt freagróirí gur ghá athdhréachtú a dhéanamh ar an toradh foghlama a bhaineann le Creat Coincheapúil an Tuairiscithe Airgeadais, toisc gur measadh go raibh croí agus cuspóir na foghlama doiléir. Maidir leis an toradh foghlama a dhíríonn ar fhoirmeacha struchtúr gnó, cheistigh roinnt freagróirí a oiriúnaí a bhí sé cineálacha éagsúla cuideachtaí príobháideacha teoranta a chur san áireamh, ós rud é go bhfuil an cur chuige cuntasaíochta i leith na n-eintiteas mórán mar an gcéanna. Ós rud é gur sonraíocht chuntasaíochta é seo, maíodh go mbeadh sé níos fearr díriú ar na ceanglais tuairiscithe arna leagan amach ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, in ionad aghaidh a thabhairt ar an raon iomlán oibleagáidí dlíthiúla a chuirtear ar chuideachtaí go ginearálta.

Bhí an-ghlacadh i measc fhormhór na bhfreagróirí leis an toradh foghlama a fhéachann ar chúrsaí cánachais. Mar sin féin, rinneadh iarraidh go scarfaí cánachas gnó agus cánachas pearsanta sa liosta cánacha a bhfuil staidéar le déanamh orthu chun fócas agus struchtúr níos soiléire a chur ar fáil. Cheistigh roinnt freagróirí a oiriúnaí ó thaobh aoise agus céime de a bhí sé Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a chur san áireamh sa tsonraíocht, agus mhaígh go bhféadfadh tuilleadh machnaimh a bheith ag teastáil ó thaobh a oiriúnaí atá sé don chohórt scoláirí sin, ach chuir daoine eile fáilte roimh an ngné foghlama sin. Cheistigh roinnt mhaith freagróirí an cineál foghlama a bhaineann le comhpháirteanna an phárolla. Luadh go bhfuil próiseáil párolla ina tasc uathoibrithe agus speisialaithe i mórán eagraíochtaí anois. Dá bhrí sin, mhol roinnt mhaith freagróirí go ndíreofaí ina ionad sin ar thuiscint ar chomhpháirteanna duillín pá, in ionad an chórais párolla trí chéile.

## Snáithe a Dó - Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú

Tugadh an-tacaíocht don fhoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa snáithe seo. Nochtadh imní arís maidir leis an méid inneachar teoiriciúil, áfach. D'iarr roinnt mhaith freagróirí soiléireacht maidir leis an toradh foghlama a phléann le taifid neamhiomlána, agus cheistigh roinnt acu a ábhartha atá sé i gcomhthéacs cleachtais chuntasaíochta nua-aimseartha, agus bhí daoine eile éiginnte maidir leis an modh a bheadh ar na scoláirí a úsáid chun ceisteanna a fhreagairt sa réimse seo.

Tacaíodh go láidir sna modhanna comhairliúcháin ar fad le cuimsiú cóimheas airgeadais. Measadh gur aistriú dearfach sin ón bhfoghlaim de ghlanmheabhair chuig tuiscint níos doimhne. Mar sin féin, luadh go raibh comhtháthú an téama trasghearrtha An Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa snáithe seo doiléir, agus iarradh tuilleadh treoraíochta maidir leis an gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt air sin.

Rinneadh neart plé ar an aistriú i dtreo na tuisceana ar bheartais chuntasaíochta agus saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí gnó, go háirithe i dtaobh Shnáithe a Dó agus Shnáithe a Trí. Chuir roinnt mhaith rannpháirtithe fáilte roimh an aistriú sin i dtreo tuiscint choincheapúil níos doimhne, ach léirigh daoine eile imní go bhféadfadh eolas níos mionsonraithe ar chaighdeáin chuntasaíochta shonracha a bheith ag teastáil i gcás measúnú seachtrach.

Bhíothas in ann na húdair imní sin a fhiosrú tuilleadh leis an rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh le linn an chomhairliúcháin. Sa phlé sin, luaigh formhór na múinteoirí go bhfuil an cur chuige sin i gcomhréir leis an siollabas reatha ar an iomlán. Mar sin féin, maidir leis an struchtúr dhá cholún, cé go bhfuil níos mó soiléireachta ann mar gheall air, luaigh siad go bhféadfaí an chuma a chur ar na comhpháirteanna teoiriciúla go bhfuil siad níos mó agus go mbeidh níos mó ama i gceist leo ná mar a theastaíonn i ndáiríre agus go bhféadfadh athbhreithniú a bheith ag teastáil mar gheall air sin i ndiaidh an chomhairliúcháin.

Glacadh leis i measc fhormhór na bhfreagróirí nach mbeidh an méid ama céanna ag teastáil ó na torthaí foghlama uile agus go mbeidh cion níos mó ama as am an tseomra ranga a bheith ag teastáil don fhoghlaim phraiticiúil. Chun tacú le pleanáil éifeachtach, moladh athbhreithniú ar na briathra gnímh a úsáidtear sna torthaí foghlama chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le sonraí agus cineál na foghlama a mbeidh coinne léi.

## Snáithe a Trí - Ráitis Airgeadais Cuideachta a Ullmhú agus a Anailísiú

Tugadh an-tacaíocht don fhoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa snáithe seo, ach nochtadh údair imní maidir le méid agus cineál an inneachair theoiriciúil. Mhol roinnt freagróirí gur cheart ainm an tsnáithe a athrú agus *Ráitis Airgeadais Cuideachta Teoranta a Ullmhú agus a Anailísiú* a thabhairt air chun béim níos mó a chur ar an bhfócas ar chuideachtaí teoranta agus chun an t-aistriú ón bplé le cuideachtaí liostaithe a léiriú.

Nochtadh imní maidir leis an gcaoi a bpléann an toradh foghlama le príomhnótaí le cuntais. Cheistigh na freagróirí an réasúnaíocht maidir le roghnú nótaí faoi leith agus cheistigh a oiriúnaí ó thaobh aoise agus céime a bhí an t-inneachar do na scoláirí.

Chuir múinteoirí fáilte roimh an ngluais téarmaí, agus mheas siad go raibh sé úsáideach chun friotal na sonraíochta a shoiléiriú. Mar sin féin, iarradh go leathnófaí an ghluais chun téarmaí breise a chur san áireamh, go háirithe iad siúd atá ábhartha do chomhpháirteanna teoiriciúla an chúrsa. D'iarr roinnt freagróirí go mbainfí úsáid níos leithne as an gcolún ar thaobh na láimhe clé sna torthaí foghlama chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le comhtháthú na teoirice agus an téama trasghearrtha An Eitice agus an Inbhuanaitheacht. Mhol roinnt freagróirí athbhreithniú ar na briathra gnímh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin freisin.

Bhí ceisteanna ag roinnt freagróirí maidir le húsáid an fhrása *cóimheasa tugtha* go sonrach, agus d'fhiafraigh ar thug sé le fios go dtabharfaí liosta cóimheas do na scoláirí le linn scrúduithe. Fáiltíodh roimh an gcur chuige sin ar an iomlán, agus luaigh roinnt mhaith rannpháirtithe go spreagfadh sé aistriú i dtreo tuiscint níos doimhne. Mar sin féin, cheistigh líon beag rannpháirtithe sa rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh an gá le liostú na gcóimheas ar fad sna torthaí foghlama agus arís san aguisín, agus mhaígh go raibh sé iomarcach.

Anuas air sin, bhí imní ann maidir leis an leagan amach ceart do na ráitis airgeadais agus an chaoi a bhféadfadh na múinteoirí inneachar an chúrsa a choinneáil cothrom le dáta i bhfianaise na n-athruithe ar an reachtaíocht agus caighdeáin chuntasaíochta.

## Snáithe a Ceathair - Cinnteoireacht Eolasach

Tugadh an-tacaíocht don fhoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa snáithe seo, agus luaigh freagróirí a chosúla a bhí sí leis an gcúrsa roimhe seo. Dúradh gur deis luachmhar atá sa snáithe seo chun an fhoghlaim maidir le cúrsaí eitice agus an inbhuanaitheacht a chomhtháthú ar bhealach comhtháite fiúntach.

Mar sin féin, cuireadh imní in iúl maidir lena theicniúla atá an fhoghlaim maidir leis an mbuiséadú. Mhaígh na freagróirí go mbeadh buneolas láidir teoiriciúil i gcoincheapa an bhuiséadaithe ag teastáil ó scoláirí chun gnéithe praiticiúla an tsnáithe seo a thuiscint agus plé leo i gceart. Leag roinnt mhaith acu béim ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go mbíonn na scoláirí in ann ní hamháin buiséid a ullmhú, ach go dtuigeann siad conas iad a anailísiú agus a léirmhíniú freisin, agus measadh gur scil riachtanach é sin don litearthacht airgeadais fhiúntach.

Iarradh feabhas a chur ar shoiléireacht na dtorthaí foghlama a bhaineann le costáil freisin. Cé gur measadh go raibh an fhoghlaim sin cosúil leis an siollabas roimhe seo, bhraith roinnt mhaith freagróirí go raibh an chuma air go raibh sé róchasta mar gheall ar an gcaoi a gcuirtear i láthair é sna torthaí foghlama. Anuas air sin, ceistíodh a oiriúnaí ó thaobh aoise agus céime de atá anailís íogaireachta, agus mhaígh roinnt rannpháirtithe go bhféadfadh an coincheap sin a bheith róchasta don chohórt beartaithe scoláirí.

Tharraing an toradh foghlama 'Mo Scileanna Digiteacha a Thaispeáint' neart plé. Cé go rabhthas ar son a chuimsithe ar an iomlán, bhíothas in amhras faoi thascanna áirithe, amhail anailís chóimheá a ullmhú go digiteach, fad a bhraith roinnt freagróirí go bhféadfadh sé a bheith róchasta do na scoláirí. Luadh go mbeadh forbairt ghairmiúil agus oiliúint do mhúinteoirí tábhachtach i ndáil leis sin.

### Foghlaim a shonrú ag baint úsáid as an gcur chuige dhá cholún

Cuireadh fáilte tríd is tríd roimh an gcur chuige chun foghlaim na scoláirí a chur i láthair trí úsáid a bhaint as dhá cholún, agus dúirt formhór na rannpháirtithe ar múinteoirí iad gur thug sé soiléireacht agus struchtúr níos fearr. Shonraigh múinteoirí go raibh an leibhéal mionsonraí i bhfad níos mó ná an leibhéal sa siollabas reatha, agus gur tugadh tacaíocht bhreise dó sin leis na téarmaí ar a dtugtar breac-chuntas sa ghluais.

Le linn na seisiún comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh, thug roinnt múinteoirí le fios go mbeadh am ag teastáil uathu chun cur amach a fháil ar an leagan amach dhá cholún agus mhol siad go dtabharfaí aghaidh air sin le foghlaim ghairmiúil. I roinnt cásanna, measadh go raibh gá le tuilleadh sonraí, lena n-áirítear réimsí amhail creat coincheapúil na cuntasaíochta, leabharchoimeád iontrála dúbailte, ról na teicneolaíochta sa chuntasaíochta, cuntasaíocht i gcás taifid neamhiomlána, comparáid idir trádálaí aonair agus cuideachta, cuntais chuideachta agus costáil, go háirithe sa cholún ar thaobh na láimhe clé. Luadh go bhféadfaí an colún ar thaobh na láimhe clé a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní sin.

## Inbhainistitheacht

Bhí na rannpháirtithe ar aon tuairim tríd is tríd go bhfuil an fhoghlaim ar a dtugtar breac-chuntas sa tsonraíocht inbhainistithe laistigh den 180 uair an chloig. Mar sin féin, bhí imní ann go bhféadfadh am breise a bheith ag teastáil ó roinnt scoláirí chun na scileanna digiteacha a theastaíonn i ndáil leis an tsonraíocht a fhorbairt. Luadh gur ghá am a dháileadh go sonrach chun tacú le forbairt na scileanna sin.

Cuireann na deiseanna comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh deiseanna luachmhara ar fáil chun an réimse sin a fhiosrú ar bhealach níos doimhne. Tríd an bplé sin, cuireadh i dtábhacht go bhfuil sé i gceist leis an tsonraíocht go n-oibreoidh na scoláirí de láimh agus le formáidí digiteacha ag an tráth céanna. Agus é sin ar eolas acu, cuireadh roinnt mhaith rannpháirtithe ar a suaimhneas go mbeadh an tsonraíocht inbhainistithe san achar ama 180 uair an chloig – dá gcuirfí na hacmhainní agus an fhoghlaim ghairmiúil chuí ar fáil dóibh. Ceapadh go raibh forbairt chomhuaineach na scileanna láimhe agus digiteacha réadúil agus fóinteach, go háirithe le tacaíocht ó Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) dea-dheartha agus bonneagar scoile cuí.

Luaigh roinnt mhaith rannpháirtithe éagmais cuntas ón tionscal seirbhíse agus an earnáil dheonach, go háirithe cuntais chlubanna. Mar sin féin, le linn na rannpháirtíochta aghaidh ar aghaidh, aithníodh go bhfuil inneachar an chúrsa reatha inbhainistithe agus ní raibh na rannpháirtithe in ann aon fhoghlaim, atá ann faoi láthair, a shainaithint lena baint chun an t-inneachar sin a chur isteach. Glacadh leis freisin go mbeadh na scileanna a d'fhorbrófaí sa tsonraíocht reatha inaistrithe maidir le hullmhú cuntas san earnáil dheonach.

## An Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise

Cuireadh fáilte cháiréiseach roimh thabhairt isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis (CMB) i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

Braitheadh nach sainmhínítear go soiléir sa tsonraíocht an cineál CMB agus go mbeadh tuilleadh soiléireachta ag teastáil. Shíl roinnt freagróirí gur thionscadal a bhí i gceist, ceann a dhéanfaí thar thréimhse fhada. Soiléiríodh sna comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh gur imeacht lae a bheadh sé i gceist, áfach, agus cuireadh fáilte roimh an leagan amach sin. Luadh sa phlé sin freisin go bhfuil na tuairisceoirí cáilíochta úsáideach agus go bhféadfaí iad sin a úsáid chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt do mhúinteoirí agus scoláirí. D'aontaigh formhór na rannpháirtithe nach mbeadh an múnla a úsáidtear in ábhair eile oiriúnach do chineál Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

Ní raibh aon chomhaontú ann maidir leis an uainiú is oiriúnaí don CMB. Cé gur tugadh le fios i gcuid mhaith den aiseolas nach mbeadh an cúigiú bliain oiriúnach, moladh na huaireanta seo a leanas le haghaidh roghanna malartacha: idir mí Dheireadh Fómhair agus an Nollaig sa séú bliain, mí Eanáir sa séú bliain, agus mí Bealtaine sa séú bliain. Is ábhar imní fós iad uainiú agus cineál na treorach measúnaithe, go háirithe i measc múinteoirí, a dteastaíonn tuilleadh soiléireachta uathu i leith na huaire a eiseofar an treoir. Ceistíodh an t-ualú 40% ar gach ardán, agus luadh folláine na scoláirí nuair atá comhpháirt i ngach ábhar. I gcás Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, braitheadh go mbeidh ar na scoláirí a bheith an-inniúil ina gcuid scileanna cuntasaíochta digiteacha chun go n-éireofar leo sa CMB.

## Tacaíochtaí don Chur i bhFeidhm

Leag gach rannpháirtí béim ar an ngá le tacaíocht shuntasach chun a chinntiú go gcuirfí an tsonraíocht nua i bhfeidhm go rathúil. Is féidir an tacaíocht sin a chur i dtrí chatagóir: acmhainní TF i scoileanna, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) agus acmhainní breise amhail páipéir shamplacha agus treoracha measúnaithe.

Ba é an príomhábhar imní ná rochtain ar acmhainní TF. Ba léir go raibh leibhéil éagsúla rochtana ag scoileanna ar ghléasanna, ag brath ar a mbeartais TF éagsúla agus an cumas a bhí acu infheistíocht a dhéanamh i ngléasanna agus nascacht idirlín, agus na nithe sin a chothabháil. I roinnt mhaith cásanna luaigh na múinteoirí an gá le gléasanna sonracha sa seomra ranga cuntasaíochta chun scileanna láimhe agus digiteacha araon a chomhtháthú go héifeachtach, de réir mar a bheartaítear sa tsonraíocht.

Maidir le tacaíocht FGM, luadh go mbeadh scilbhisiú TF ar leith ag teastáil ó fhormhór na múinteoirí chun plé go hiomlán le gnéithe digiteacha na sonraíochta. Tarraingíodh aird sa rannpháirteachas ar fud an chomhairliúcháin go mbeadh gá le tacaíocht leanúnach maidir le mapáil na dtorthaí foghlama ón snáithe Bunrudaí na Cuntasaíochta go dtí na snáitheanna eile den chúrsa, comhtháthú scileanna cuntasaíochta digiteacha agus láimhe agus cuimsiú na bpríomhinniúlachtaí agus pleanáil á déanamh don fhoghlaim agus don teagasc. Luaigh na freagróirí go raibh an-fháilte roimh infhaighteacht páipéar samplach roimh an teagasc de shonraíochtaí Thráinse 1 agus bhíothas ag súil go mbeadh an scéal amhlaidh i gcás na dtráinsí a thiocfadh ina dhiaidh.

Tharraing roinnt múinteoirí aird ar an ngá le ham gairmiúil tiomnaithe sna ranna ábhair chun plé go dlúth leis na sonraíochtaí nua. Luadh gurb amhlaidh nach bhfuil ach múinteoir amháin de Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta in go leor scoileanna agus go mbeadh sé tábhachtach go

mbeadh deis ann mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil a bheith ag plé le comhghleacaithe eile a theagascann an Chuntasaíocht. Bhíothas den tuairim go raibh an t-am sin riachtanach le haghaidh pleanáil chomhoibríoch an teagaisc agus na foghlama agus le haghaidh cur chun feidhme iomlán éifeachtach gach sonraíochta nua sa tsraith shinsearach.

## Réimsí aiseolais eile

Léirigh rannpháirtithe sa chomhairliúchán imní ní hamháin maidir le hathfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ach an athfhorbairt ar an tsraith shinsearach go ginearálta agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fholláine na scoláirí. Bhí an-imní ann go bhféadfadh ualach oibre foriomlán na scoláirí méadú go mór nuair a bheadh CMB i ngach ábhar, agus go mbeadh níos mó brú ag baint leis an gcúigiú bliain agus an séú bliain.

Anuas air sin, tharraing freagróirí aird ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cláir ama scoileanna, go háirithe i dtaobh na rochtana ar shaoráidí TF, rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus na hacmhainní foriomlána a theastaíonn chun tacú leis na struchtúir mheasúnaithe nua. Léirigh scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile imní maidir le folláine na scoláirí, go háirithe maidir leis an dúshlán a bhaineann leis na hinniúlachtaí sin a chothú fad atá na scoláirí ag ullmhú do Chomhpháirteanna Measúnaithe sa Bhreis (CMBanna) sna seacht n-ábhar.

# Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go maith leis an dréachtsonraíocht do Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le plé agus díospóireacht ar ghnéithe lárnacha de dhearadh an ábhair athfhorbartha.

Bhreithnigh an mheitheal forbartha an t-aiseolas ón gcomhairliúchán le linn dóibh an tsonraíocht Chuntasaíochta a chur i gcrích.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, bhí:

- An t-iarratas ar tuilleadh soiléireachta maidir le líon beag torthaí foghlama sa tsonraíocht, inar measadh go bhféadfadh na paraiméadair sa cholún ar chlé a shonrú ar bhealach níos soiléire.
- Moladh athbhreithniú ar na briathra gnímh chun léargas níos soiléire a thabhairt ar an gcineál foghlama a theastaíonn. Anuas air sin, bheadh sé go maith athbhreithniú a dhéanamh ar ghluais na mbriathra gnímh lena chinntiú go dtagann na sainmhínithe go dlúth le hábhar na sonraíochta.
- Athscrúdú ar an léargas ginearálta ar gach snáithe chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann agus réasúnaíocht a chur ar fáil maidir leis an bhfoghlaim atá i ngach ceann de na snáitheanna.
- An gá le machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir foghlaim theoiriciúil agus foghlaim phraiticiúil, fad a aithnítear gné phraiticiúil lárnach an ábhair.
- Cé gur cuireadh fáilte ar an iomlán roimh an téama trasghearrtha An Eitic agus an Inbhuanaitheacht, braitheadh go raibh sé tearcfhorbartha. Sainaithníodh deiseanna chun na téamaí trasghearrtha a leabú agus a leathnú tuilleadh ar fud na sonraíochta.
- Soláthar tuilleadh soiléireachta maidir leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB), lena n-áirítear an timpeallacht agus an t-uainiú atá i gceist lena riar, an t-uainiú maidir le heisiúint na treorach, leagan amach agus struchtúr na comhpháirte.
- An gá maidir leis an bhfeidhmchlár bogearraí atá beartaithe lena úsáid mar chuid den teagasc agus foghlaim a shoiléiriú sula dtabharfaí an tsonraíocht isteach.

## Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas a fuarthas. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar dhréachtsonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchuir ó mhúinteoirí sa chomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt ó mhúinteoirí, a bhí

dearfach, dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar an ábhar ós rud é nach ndearnadh aon athrú bríoch air le breis agus scór blianta.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách, Baile Átha Cliath [ar líne] ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/fógraíonn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchóiriú-oideachas-na-sraithe-sinsearaí-cothromas-agus-sármhaitheas-do-chách/ [arna rochtain ar an 4 Meitheamh 2025]

An Roinn Airgeadais (2025) An Straitéis Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais, 2025–2029, Baile Átha Cliath [ar líne] ar fáil ar https://assets.gov.ie/static/documents/national-financial-literacy-strategy.pdf [arna rochtain ar an 4 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2023) Straitéis Taighde, 2023–2026, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/ga/foilseachain-taighde/straiteis-taighde/ [arna rochtain ar an 4 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) Beartas Cosanta Sonraí, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/od2o2orc/beartas-cosanta-sonraí-cncm_2023.pdf [arna rochtain ar an 4 Meitheamh 2025]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf [arna rochtain ar an 4 Meitheamh 2025]

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

- Ann Barry
- Cumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann (BSTAI)
- CCAB – I (An Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn)
- Dale Robertson
- Deirdre Donnelly
- BSTAI Dhún na nGall
- BSTAI Bhaile Átha Cliath
- Edel Noonan
- Helen Clifford
- Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann
- Jason Ryan – Múinteoir, Holy Faith Secondary School, Cluain Tarbh
- Lauren Mc Nally
- Lisa Mc Carthy
- Máiread
- Mairéad Downey
- Mary Quill
- Micheline Gilsenan
- NSCE
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Pádraig Carroll
- An tOllamh Martin Quinn
- Sinead Griffin
- Siobhán Daly
- Trisha Cooney

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment